**Fógra le haghaidh daoine agus eintitis ar leith atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.**

(2022/C 405/10)

Dírítear aird iad seo thíos: IRGC Brigadier-General Hossein Salami, IRGC Brigadier-General Amir Ali Haji ZADEH, Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force agus Qods Aviation Industries, daoine agus eintitis atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na daoine agus na heintitis thuasluaite a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Cuirtear in iúl leis seo do na daoine agus do na heintitis lena mbaineann go bhféadfaidh siad an ráiteas ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, ach iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, faoin 28 Deireadh Fómhair 2022, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu